2026.M88

2026L001B1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2026

Gaeilge

Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

Bonnleibhéal

Dé Luain 8 Meitheamh Tráthnóna 2:00 – 4:20

360 marc

Scrúduimhir

Dáta Breithe

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

Treoracha

Tá trí chuid sa pháipéar seo.

Cuid I Freagair **gach** ceist.	Cluastuiscint	120 marc
Cuid II: ROINN I Freagair **gach** ceist (1, 2 **agus** 3).	Léamhthuiscint	150 marc
Cuid II: Roinn II Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b).	Scríobh na Teanga	90 marc

Scríobh do Scrúduimhir agus do Dháta Breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa fhreagarleabhar seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise i gcúl an fhreagarleabhair. **Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist**.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid**.

Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. **Féadfaidh sé nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí**.

Cuid I	An Chluastuiscint	120 marc

Freagair **gach** ceist. Tá na treoracha don chuid seo ar an dlúthdhiosca.
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart i ngach cás.

Ceist 1 (a) Cén spórt is fearr le Síle?



Ceist 1 (b) Cá ndeachaigh Síle i mí Lúnasa seo caite?

Go hÉirinn	
Go dtí an tSeapáin	
Go Sasana	

Ceist 2 (a) Cén sórt seó a luaitear anseo?



Ceist 2 (b) Cén mhí a thaistil na damhsóirí go Meiriceá?

I mí Eanáir	
I mí an Mhárta	
I mí na Nollag	

Ceist 3 Cá bhfuil an bhean ag dul?









Ceist 4 Cá bhfuil an leabharlann? (Cuir **tic** (✓) sa bhosca ceart.)



Ceist 5 (a) Conas atá an aimsir maidin inniu?



Ceist 5 (b) Cén teocht a bheidh ann anocht?

6 chéim Celsius	
10 gcéim Celsius	
19 gcéim Celsius	

Ceist 6 (a) Cén t-am a dhúisigh Róisín?

Ar a sé a chlog	
Ar a seacht a chlog	
Ar a hocht a chlog	

Ceist 6 (b) Cé mhéad a chosain ticéad amháin?

€90	
€245	
€490	

Ceist 7 (a) Cén lá a bhí an cluiche ag an scoil?

Dé Luain	
Déardaoin	
Dé hAoine	

Ceist 7 (b) Cé mhéad bréag san iomlán a d'inis Seán?

Dhá bhréag	
Trí bhréag	
Ceithre bhréag	

Ceist 8 (a) Cad a bheidh ar siúl Dé Sathairn?

Seó faisin	
Damhsa an Séú Bliain	
Cluiche peile	

Ceist 8 (b) Cá mbeidh siad ag teacht le chéile ar a cúig a chlog?

I dteach Órla	
San óstán	
I gcarrchlós na scoile	

Nuair a bheidh an Chluastuiscint críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair na ceisteanna eile ar na leathanaigh 6–17 sa fhreagarleabhar seo.

Cuid II: Roinn I — Léamhthuiscint — 150 marc

Freagair **gach** ceist (1, 2 **agus** 3).

Ceist 1 Meaitseáil na pictiúir leis na fógraí/comharthaí agus scríobh síos an litir cheart sa bhosca in aice leis an uimhir cheart atá sa ghreille. **(40 marc)**

	Uimhir	Litir
Fainic! Madra dainséarach ar dualgas! **1.**	1	
Imreoirí á Lorg Séasúr nua iománaíochta **2.**	2	
Pictiúrlann an Bhaile Cosc ar cheamaraí **3.**	3	
Carrchlós Dúnta Carr trí thine **4.**	4	
Ciúnas Scoláirí ag staidéar **5.**	5	
Siúlóid Urraithe Ar mhaithe le Trócaire **6.**	6	
Dráma na Nollag Ar stáitse ag 8.00 p.m. **7.**	7	
Siopa Bláthanna Lascaine 10% do Lá Fhéile Vailintín **8.**	8	
Bialann an Bhaile Milseog saor in aisce le béile an lae **9.**	9	
Péintéir ar Fáil Aon áit, aon am! **10.**	10	


A



B


C


D



E


F


G



H



i



J

Ceist 2 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

(a) Léigh **an litir** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúithi. (25 marc)

Nuacht na Mí
An Uaimh
Co. na Mí.
10 Eanáir 2026

Seán Mac Diarmada
Droichead Átha
Co. Lú.

A Sheáin, a chara,

Go raibh míle maith agat as ucht teagmháil a dhéanamh linn maidir le taithí oibre a dhéanamh linn an mhí seo chugainn. Feicim ó do litir go bhfuil ceithre seachtaine le déanamh agat ó thús mhí Feabhra. Luaigh tú go bhfuair tú taithí oibre i do scoil féin agus go bhfuil tú i d'eagarthóir ar nuachtán na scoile faoi láthair. Luaigh tú freisin go bhfuil an-spéis agat i gcúrsaí iriseoireachta.

Bhí an-suim againn sna hailt a scríobh tú féin agus a sheol tú chugainn le do litir. Tá sé soiléir go bhfuil bua na scríbhneoireachta agat agus go bhfuil tú in ann scríobh faoi réimse leathan ábhar ó spórt go teicneolaíocht agus ó chúrsaí faisin go bia. Sheas an spéis atá agat i gcúrsaí polaitíochta amach – tréith atá neamhghnách den chuid is mó i measc na n-óg, dar linn.

Tá a lán iarratas seolta isteach ag scoláirí eile chugainn. Beidh orainn iad ar fad a léamh agus mar sin, beimid i dteagmháil leat roimh dheireadh na míosa.

Is mise,
Pádraig de Brún, Eagarthóir an Nuachtáin

Ceisteanna

1. Cathain a thosóidh an taithí oibre?

Ar an 10 Eanáir	
I mí Feabhra	
Roimh dheireadh na míosa	

2. Cén bhaint atá ag Seán le nuachtán na scoile?

Is teicneolaí é.	
Is eagarthóir é.	
Is iriseoir é.	

3. Cad a sheol Seán chucu lena litir?

Ailt a scríobh sé féin	
Nuachtán	
Litir ón scoil	

4. Cad a sheas amach i gcás Sheáin?

A spéis i gcúrsaí polaitíochta	
A spéis sa spórt	
A spéis i gcúrsaí bia	

5. Cé eile a sheol isteach iarratais?

Eagarthóir an nuachtáin	
Scoláirí eile	
Príomhoidí	

(b) Léigh **an bróisiúr** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

Ionad Saoire Center Parcs



Tá ionad saoire oscailte in Éirinn le roinnt blianta anuas – ionad saoire Center Parcs i gContae an Longfoirt. Tá an t-ionad lonnaithe cúig chiliméadar ó Bhaile Uí Mhatháin agus tuairim is dhá chiliméadar is fiche ó Bhaile Átha Luain. Tá sé suite ar 400 acra de choill álainn. Ó thaobh taistil de, tá an t-ionad an-áisiúil do gach duine, ó aon áit sa tír, mar go bhfuil sé suite i lár na tíre.

Is baile beag de shórt é ionad saoire Center Parcs i ndáiríre. Tá timpeall 470 teach saoire agus 30 árasán ann. Tá cearnóg sa sráidbhaile beag ina bhfuil bialanna, siopaí, ollmhargadh agus go leor eile. Tá fiadhúlra fairsing sa choill. Bíonn fianna, sionnaigh, gráinneoga agus broic le feiceáil ó na tithe saoire.

Rud amháin a thaitníonn go mór le daoine faoi Center Parcs ná go bhfuil sé saor ó charranna, rud a chabhraíonn le cúrsaí sábháilteachta. Fágtar na carranna i gcarrchlós ollmhór ag tús na saoire agus is ag siúl nó ag rothaíocht a bhíonn daoine as sin go deireadh na saoire.

Is féidir a lán gníomhaíochtaí a dhéanamh in ionad Center Parcs, mar shampla, cadhcáil, ziplíneáil, boghdóireacht agus go leor eile. Bíonn tóir ollmhór ar an bpáirc uisce atá ann. Is í an pháirc uisce seo an pháirc uisce faoi dhíon is mó in Éirinn. Tá 350 méadar de shleamhnáin agus d'fhánsruthanna ann chomh maith le dhá láthair speisialta do pháistí.

Is féidir fanacht in Center Parcs ar feadh trí oíche, ceithre oíche nó seacht n-oíche. Ní féidir fanacht ann ar feadh oíche amháin ach tá pasanna lae ar fáil dóibh siúd ar mian leo lá amháin a chaitheamh ann.

Ceisteanna

1. Cé mhéad acra de choill ar a bhfuil ionad Center Parcs suite?

Cúig acra	
Dhá acra is fiche	
Ceithre chéad acra	

2. Cén fáth a bhfuil an t-ionad an-áisiúil do gach duine ó thaobh taistil de?

Tá sé suite i lár na tíre.	
Is baile beag é.	
Tá coill álainn ann.	

3. Cén rud faoin ionad a chabhraíonn le cúrsaí sábháilteachta?

An fiadhúlra	
Tá sé saor ó charranna.	
An t-ollmhargadh	

4. Cad air a mbíonn tóir ollmhór?

Ar an gcadhcáil	
Ar an ziplíneáil	
Ar an bpáirc uisce	

5. An féidir fanacht ann ar feadh oíche amháin?

Is féidir	
Ní féidir	
Is féidir le pas lae.	

(c) Léigh **an scéal** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (25 marc)

Ní Bhíonn Néal gan Ghealán …

D'fhéach Seán ar an bhféilire ar a fhón cliste arís. Ní fhéadfadh sé a chreidiúint nach bhfeicfeadh sé a dhlúthchara Sinéad go ceann bliana. Fuair athair Shinéad post nua san Astráil agus bhog a teaghlach ar fad thar lear mí ó shin. Bhí am crua ag Seán ar scoil ar feadh tamaill ina dhiaidh sin. Bhíodh Seán agus Sinéad i gcónaí le chéile sa rang ó bhí siad ina bpáistí óga. Bhí sé uaigneach agus brónach anois gan a chara is fearr in éineacht leis. Stop sé de bheith ag dul amach agus chaith sé níos mó ama ina sheomra codlata. Ar an dea-uair bhí a bhanna ceoil, agus a chairde sa bhanna, fós aige.
Lá amháin agus Seán ina sheomra leis féin, phioc sé suas a ghiotár agus thosaigh sé á strumáil. Agus é ag strumáil thosaigh sé ag smaoineamh arís ar a bhriseadh croí. Chuir sé focail leis an gceol a bhí á sheinm aige.
Deirtear gur ó bhriseadh croí a thagann go leor amhrán agus is mar sin a bhí sa chás seo.
'Imithe' a thug sé ar a amhrán nua.
An lá dár gcionn bhí cleachtadh ag a bhanna ceoil agus sheinn Seán an t-amhrán. Bhí ionadh an domhain ar a chairde. Bhí comórtas amhránaíochta na scoile le bheith ar siúl an tseachtain dár gcionn agus shocraigh a bhanna an t-amhrán a sheinm ansin.
An oíche úd bhí Seán bocht neirbhíseach – go mór mór agus a fhios aige go raibh Sinéad ag féachaint ar an gcomórtas ar an idirlíon. Chuir an méid sin áthas ar Sheán. Ag deireadh an amhráin phléasc an slua le gártha molta agus thosaigh siad ag screadaíl "Arís, arís, arís". Chan Seán agus a bhanna an t-amhrán 'Imithe' arís agus bhuaigh siad an comórtas. "Ní bhíonn néal gan ghealán" arsa Seán leis féin ar deireadh agus meangadh mór gáire ar a aghaidh.

Ceisteanna

1. Cathain a bhog teaghlach Shinéad thar lear?

Go ceann bliana	
Lá amháin	
Mí ó shin	

2. Cá háit ar chaith Seán níos mó ama?

Ar scoil	
Ina sheomra codlata	
Thar lear	

3. Cad as a dtagann go leor amhrán?

Briseadh croí	
Giotár	
Ionadh	

4. Cad a bhí le bheith ar siúl an tseachtain dár gcionn?

Comórtas amhránaíochta	
Scoil	
Cleachtadh	

5. Cad a bhí ar aghaidh Sheáin ag deireadh an chomórtais?

Uaigneas	
Neirbhís	
Meangadh mór gáire	

Ceist 3 Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

(a) Léigh **an t-alt** atá anseo thíos agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

Taylor Swift agus Travis Kelce le Pósadh



Ar an 26 Lúnasa 2025 d'fhógair Taylor Swift agus Travis Kelce ar Instagram go raibh siad geallta. Scaip an scéal go tapa ar na meáin shóisialta. Laistigh de shé uair an chloig d'athphostáil milliún duine postáil Swift. Ba léir go raibh go leor daoine an-tógtha leis an mbeirt agus a scéal grá.

Is réalta ollmhór cheoil í Taylor Swift. Rugadh í ar an 13 Nollaig 1989 in Pennsylvania i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Ní raibh sí ach dhá bhliain déag d'aois nuair a thosaigh sí ag scríobh amhrán. D'aithin a tuismitheoirí a tallann ar leith. Bhog an teaghlach ar fad go Nashville nuair a bhí sí ceithre bliana déag d'aois chun cabhrú léi a sprioc mar amhránaí a bhaint amach. Nuair a bhí sí beagnach cúig bliana déag d'aois shínigh sí conradh le Big Machine Records. Bhuaigh sí ceithre ghradam Grammy d'albam na bliana. Thuill a camchuairt 'Eras' (2023-2024) os cionn dhá bhilliún dollar.

Is fear éachtach é Travis Kelce freisin. Imríonn sé peil Mheiriceánach le Kansas City Chiefs. Is imreoir cáiliúil é a bhfuil trí Super Bowl buaite aige. Chomh maith leis an spórt, tá podchraoladh rathúil aige lena dheartháir Jason agus is tríd an bpodchraoladh sin a bhuail sé le Taylor. Bhí Travis ag súil le bualadh le Taylor ag ceolchoirm dá cuid i mí Iúil 2023 ach theip air. Labhair sé faoi ar a phodchraoladh. Cheap Taylor go raibh sé sin an-rómánsúil agus go gairid ina dhiaidh sin rinne sí teagmháil leis. Tá Taylor agus Travis le pósadh ar an 13 Meitheamh 2026. 'Is ait an mac an saol', mar a deirtear!

Ceisteanna

1. Cad a d'fhógair Taylor Swift agus Travis Kelce ar an 26 Lúnasa 2025?

Gur bhuaigh siad Grammy	
Go raibh siad geallta	
Gur phós siad	

2. Cén tslí bheatha atá ag Taylor Swift?

Is réalta cheoil í.	
Is imreoir peile í.	
Is tuismitheoir í.	

3. Cén aois a bhí Taylor nuair a bhog a teaghlach go Nashville?

4. Cad eile a dhéanann Travis Kelce chomh maith leis an spórt?

Imríonn sé peil.	
Podchraoladh rathúil	
Bíonn sé ag canadh.	

5. Cá huair atá Taylor agus Travis le pósadh?

Ar an 13 Nollaig 1989	
Ar an 26 Lúnasa 2025	
Ar an 13 Meitheamh 2026	

(b) Léigh **an giota** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá faoi. (30 marc)

Wojtek – Béar mar Shaighdiúir in Arm na Polainne



Sa bhliain 1942 tháinig buíon saighdiúirí Polannacha trasna ar bhuachaill óg san Iaráin. Bhí coileán béir gafa ag an mbuachaill óg. Bhí máthair an bhéir marbh agus bhí an béar bocht fágtha leis féin. Bhí an-trua ag na saighdiúirí don bhéar óg agus thóg siad leo é. Wojtek an t-ainm a thug siad air. Bhí Wojtek bocht an-lag ach thug na saighdiúirí aire dó agus tar éis tamaill d'éirigh sé níos mó agus níos láidre. Sa bhliain 1944 dúradh leis na saighdiúirí go raibh orthu dul chun troda san Iodáil. Ní raibh cead acu an "peata" nua seo a thógáil leo. Mar sin liostáil na saighdiúirí Wojtek san arm!

Saighdiúir oifigiúil ba ea Wojtek ansin. Bhí uimhir chláraithe agus pá saighdiúra aige. Chodlaíodh sé i bpuball leis na saighdiúirí eile. Thosaigh sé ag déanamh aithris ar na saighdiúirí eile. Sheasadh sé suas ar a dhá chos agus mháirseáladh sé cosúil leis na saighdiúirí eile. D'óladh sé beoir agus chaitheadh sé tobac fiú! Thraenáil na saighdiúirí é le boscaí d'uirlisí troda a iompar ina 'lámha'. De bharr a láidreachta d'éirigh a ról ríthábhachtach le linn an chogaidh mar go raibh sé ábalta an méid céanna le ceathrar fear a iompar.

Ag deireadh an chogaidh bhí cáil ar Wojtek agus tugadh ardú céime dó de bharr a chuid oibre ar pháirc an chatha. Sa bhliain 1947 tógadh Wojtek go Zú Dhún Éideann in Albain. Bhíodh sé le feiceáil go minic mar aoi speisialta ar an gclár *Blue Peter* ar BBC. Bhí saol compordach aige sa zú agus ba mhinic a thagadh a sheanchairde ón arm ar cuairt chuige. Fuair sé bás sa bhliain 1963 agus saol suimiúil neamhghnách caite aige.

Ceisteanna

1. Cár tháinig na saighdiúirí trasna ar an mbuachaill óg?

Sa Pholainn	
San Iaráin	
San Iodáil	

2. Cén fáth ar thóg na saighdiúirí an béar óg leo?

3. Cá gcodlaíodh Wojtek?

I bpuball	
I mbosca	
Ar an gclár *Blue Peter*	

4. Cén bhliain a tógadh Wojtek go dtí an zú?

Sa bhliain 1942	
Sa bhliain 1944	
Sa bhliain 1947	

5. Cén sórt saoil a bhí ag Wojtek sa zú?

Compordach	
Uaigneach	
Bocht	

(c) Léigh **na véarsaí** seo a leanas agus freagair na ceisteanna ar fad atá fúthu. (30 marc)

Mal Magú

(1)

Ba mhaith liom bheith im thaibhse mór:
ní bhactar riamh le taibhsín bídeach.
Dá mbeinn chomh mór le teach dhá stór,
ababú! Bheadh spórt is spraoi agam.

(2)

Chuirfinn eagla ar mo Mham,
is chrithfeadh Daid nuair a déarfainn 'Bú!'
Theithfeadh múinteoirí go beo
ón taibhse millteach, Mal Magú.

(3)

Ní osclóinn doras riamh arís.
Seo liom trín bhfalla, 'í-í-í!'
'Fág an áit! Glan as mo shlí!'
Magú, an taibhse, seachain í!

(4)

Thógfainn eilifint ón Zú
is rachainn ag marcaíocht air. Hurais!
Rithfeadh púca lenár dtaobh
is d'eitleodh feannóg inár ndiaidh.

(5)

Ní bheinn béasach. Ní bheinn ciallmhar.
Dhéanfainn ríl sa spéir, istoíche.
'Míle murdar,' déarfadh daoine,
'Sin í Mal, ar mhuin na gaoithe!'



(6)

Ligfinn 'í-á-ú' is míle.
Ní rachainn a luí go luath, choíche.
Aililiú! Dá mbeinn mór millteach!
Ochón! Mise Mal, taibhsín bídeach!
(le Biddy Jenkinson)

Ceisteanna

1. Cén rud nach mbactar riamh leis?

"Taibhse mór"	
"Taibhsín bídeach"	
"Teach dhá stór"	

2. Cé a theithfeadh go beo ón "taibhse millteach"?

3. Cén rud nach n-osclódh Mal Magú?

Falla	
Áit	
Doras	

4. Cad a thógfadh Mal Magú ón Zú?

Eilifint	
Púca	
Feannóg	

5. Cad a dhéanfadh Mal Magú sa spéir istoíche?

Ríl	
Míle murdar	
Codladh	

Cuid II: Roinn II	Scríobh na Teanga	90 marc

Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas:
4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b)

Tá Ceist 4 (a) ar leathanach 14.
Tá Ceist 4 (b) ar leathanach 15.
Tá Ceist 5 (a) ar leathanach 16.
Tá Ceist 5 (b) ar leathanach 17.

Tá 45 marc ag gabháil le gach ceist.



Freagair **dhá cheist** ar bith as na **ceithre** cinn seo a leanas: 4 (a), 4 (b), 5 (a) **nó** 5 (b).

Ceist 4 (a) Féach ar na pictiúir thíos. (45 marc)









Cén rud a bheidh ar siúl? Cén áit?	Cén lá? Cén dáta? Cén t-am? Cén táille?	Cén t-aoi speisialta a bheidh i láthair?	Cad a dhéanfar leis an airgead?

Scríobh amach an **FÓGRA** a bhaineann leis an rud atá i gceist thuas.

FÓGRA

Ceist 4 (b) Féach ar na pictiúir thíos. (45 marc)



Chuaigh tú ar thuras go Londain le déanaí. Scríobh **litir** chuig do chara ag insint dó/di:

- Faoin bpóstaer a chonaic tú (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 1
- Faoin taisteal ar an Aoine (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 2
- Faoi na rudaí a rinne tú ar an Satharn (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 3
- Faoi mar a chaith tú an lá deireanach (**dhá** phointe eolais) Pictiúr 4

N.B. Bíodh an leagan amach cuí ar do litir: seoladh, dáta, tús agus críoch oiriúnach.

LITIR

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

Ceist 5 (a) Féach ar an bpictiúr thíos. (45 marc)

Bhí tú ag **Cóisir Lae Breithe** an samhradh seo caite.
Tá tú chun **cuntas** (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile faoin gcóisir sin.

Scríobh **an cuntas** sin (timpeall 90 focal) sa spás atá faoin bpictiúr.



Cóisir Lae Breithe

Ceist 5 (b) Féach ar na pictiúir anseo thíos. (45 marc)

Tharla **an eachtra** seo agus tú sa pháirc le do chara.
Tá tú chun scríobh **faoin eachtra** seo in Iris na Scoile (timpeall 90 focal).

Scríobh **faoin eachtra** (timpeall 90 focal) sa spás atá faoi na pictiúir.



Ina suí ar bhinse Ag comhrá	Ar strae Trína chéile	Ag lorg Faighte	Sábháilte Áthas

Eachtra a Tharla agus Mé sa Pháirc

Spás le haghaidh scríbhneoireacht bhreise.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Admhálacha

Íomhánna

Na híomhánna ar leathanach 3:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Na híomhánna ar leathanach 4:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Na híomhánna ar leathanach 6:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
An íomhá ar leathanach 8:	www.midlandsireland.ie
An íomhá ar leathanach 10:	www.bbc.com
An íomhá ar leathanach 11:	www.britannica.com
An íomhá ar leathanach 12:	www.freepik.com
Na híomhánna ar leathanach 14:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit; www.musicianwave.com
Na híomhánna ar leathanach 16:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Na híomhánna ar leathanach 16:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Na híomhánna ar leathanach 17:	Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Téacsanna:

An téacs ar leathanach 8:	bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla
An téacs ar leathanach 10:	bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla
An téacs ar leathanach 11:	bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Bonnleibhéal

Gaeilge – Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga

Dé Luain 8 Meitheamh

Tráthnóna 2:00 – 4:20